AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 29.2.2024
COM(2024) 100 final

2024/0060 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear**

**Rialacháin (AE) 2021/522,
(AE) 2021/1057,
(AE) 2021/1060,
(AE) 2021/1139,
(AE) 2021/1229,
agus
(AE) 2021/1755 a mhéid a bhaineann leis na hathruithe ar mhéideanna na gcistí le haghaidh cláir agus cistí áirithe**

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- Forais agus cuspóirí an togra

An 20 Meitheamh 2023, ghlac an Coimisiún togra le haghaidh athbhreithniú meántéarma ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil[1] (CAI) arb é is aidhm dó buiséad fadtéarmach an Aontais a threisiú chun athléimneacht agus ceannaireacht an Aontais a mhéadú sna tosaíochtaí agus sna riachtanais is práinní, go háirithe tacaíocht an Aontais don Úcráin a neartú.

An 29 Feabhra 2024, ghlac an Chomhairle leasú ar Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093[2] le toiliú Pharlaimint na hEorpa don athbhreithniú meántéarma ar CAI.

Áirítear san athbhreithniú ar CAI méaduithe ar acmhainní do roinnt clár de chuid an Aontais. Chun tionchar an athbhreithnithe ar CAI ar bhuiséid náisiúnta a mhaolú, cúiteofar na méaduithe sin go páirteach trí ath-imlonnuithe agus trí aththosaíochtaí laistigh de bhuiséad an Aontais. EUR 21 bhilliún atá sa ghlanmhéadú ar chistiú do thosaíochtaí nua go dtí deireadh an Creat Airgeadais Ilbhliantúil seo.

Chuige sin, is gá na huasteorainneacha caiteachais a mhodhnú, mar aon le leasuithe, i gcásanna áirithe, ar fhorálacha buiséadacha na ngníomhartha reachtacha lena mbunaítear na cláir agus na hionstraimí lena mbaineann, i gcomhréir le forálacha phointe 18 de Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020[3] a mhéid a bhaineann le forálacha airgeadais a ionchorprú i ngníomhartha reachtacha.

Ní mór na Rialacháin (AE) a leanas a leasú toisc go dtéann na laghduithe iomchuí ar imchlúdaigh airgeadais na gclár thar an tsolúbthacht faoin gComhaontú Idirinstitiúideach sin.

– Rialachán (AE) 2021/522 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4],
– Rialachán (AE) 2021/1057 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5],
– Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6],

---

1 COM(2023)337, 20.06.2023

2 Rialachán (AE, Euratom) 2024/765 ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L 2024/765, 29.2.2024).

3 Comhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le smacht buiséadach, maidir le comhar in ábhair bhuiséadacha agus maidir le bainistíocht fhónta airgeadais, mar aon le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach, IO L 433I, 22.12.2020, lch. 28.

4 Rialachán (AE) 2021/522 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear Clár do ghníomhaíochtaí an Aontais i réimse na sláinte (‘Clár EU4Health’) don tréimhse 2021-2027, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 282/2014 (IO L 107, 26.3.2021, lch. 1)

5 Rialachán (AE) Uimh. 2021/1057 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013 (IO L231, 30.6.2021, lch. 21)

6 Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste Tearmainn, Imirce, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais do Bhainistiú Teorainneacha agus Beartas Víosaí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159).

– Rialachán (AE) 2021/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7],

– Rialachán (AE) 2021/1229 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8],

– Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9],

Ina theannta sin, tá leasú comhthreomhar ann lena méadaítear imchlúdach airgeadais na hIonstraime um Bainistiú Teorainneacha agus um Víosaí (BMVI), nach n-áirítear sa togra seo mar gheall ar na rialacha vótála éagsúla.

Tá géarghá le cistiú iomchuí a sholáthar don Aontas agus deimhneacht dhlíthiúil a chur ar fáil d'ullmhúcháin dhréachtbhuiséad an Aontais don bhliain airgeadais 2025, agus don chlársceidealú airgeadais do na blianta 2026 agus 2027. Dá bhrí sin, iarrann an Coimisiún ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle a áirithiú go nglacfar go pras é trí úsáid a bhaint as nós imeachta maidir le glacadh práinneach.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tá an togra bunaithe ar Airteagal 43(2), Airteagal 164, Airteagal 168(5), Airteagal 175 agus Airteagal 177 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('CFAE'), arb iad na bunúis dlí ábhartha iad d'fhorálacha sonracha na Rialachán atá le leasú.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Tá an togra seo i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta, toisc nach ndéanann sé difear ach amháin d'fhorálacha buiséadacha na Rialachán atá le leasú, seachas dá raon feidhme, dá chuspóir ná dá mhodh seachadta.

- **Comhréireacht**

Urramaítear leis an togra seo prionsabal na comhréireachta, ós rud é go bhfuil sé teoranta d'athruithe a bhfuil géarghá leo chun éifeacht a thabhairt don leasú ar Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093.

- **An rogha ionstraime**

Ba cheart na rialacháin atá liostaithe thuas a leasú le Rialachán chun éifeacht a thabhairt don leasú ar Rialachán 2020/2093 ón gComhairle. Is é is aidhm do na leasuithe uile is gá (seachas an ceann a ghabhann leis an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí) a áireamh i dtogra reachtach aonair próiseas comhleanúnach caibidlíochta a áirithiú chomh maith lena ghlacadh ag an reachtóir mar ábhar práinne a éascú.

[7] Rialachán (AE) Uimh. 2021/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1004 (IO L 247, 13.7.2021, lch. 1)

[8] Rialachán (AE) 2021/1229 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Iúil 2021 maidir leis an tsaoráid iasachta don earnáil phoiblí faoin Sásra um Aistriú Cóir (IO L 274, 30.7.2021, lch. 1).

[9] Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit (IO L 357, 8.10.2021, lch. 1).

## 3. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Áirítear sa leasú ar Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 treisiú ar roinnt clár agus tosaíochtaí, a ndéantar a dtionchar ar bhuiséid náisiúnta a mhaolú trí chistí a ath-imlonnú ó shraith de chláir de chuid an Aontais. Is é is aidhm don togra seo na hath-imscartha sin a chur chun feidhme.

Faoi Cheannteideal 2a, is é an toradh a bheidh ar an togra seo laghdú EUR 75 000 000 i bpraghsanna reatha (EUR 64 020 145 i bpraghsanna 2018) ar na hacmhainní a leithdháiltear d'Infheistíochtaí Nuálaíochta Idir-réigiúin, laghdú EUR 55 000 000 i bpraghsanna reatha (EUR 46 929 686 i bpraghsanna 2018) ar an Tionscnamh Uirbeach Eorpach, laghdú EUR 65 000 000 i bpraghsanna reatha (EUR 55 473 996 i bpraghsanna 2018) ar Chomhar Trasnáisiúnta CSE+. Ina theannta sin, beifear in ann an méid a úsáidtear mar chúnamh teicniúil a laghdú ar thionscnamh ón gCoimisiún; meastar gurb é EUR 210 000 000 i bpraghsanna reatha (EUR 178 656 655 i bpraghsanna 2018) don tréimhse 2025-2027 an laghdú.

Faoi Cheannteideal 2b, tá sé beartaithe laghdú EUR 1 000 000 000 a dhéanamh ar mhéid EU4Health i bpraghsanna reatha (EUR 845 000 000 i bpraghsanna 2018) don tréimhse 2025-2027 ón gcoigeartú clárshonrach a shainítear in Airteagal 5 agus in Iarscríbhinn II de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle[10].

Faoi Cheannteideal 3, tá sé beartaithe laghdú EUR 150 000 000 a dhéanamh ar na hacmhainní a leithdháiltear ar an tSaoráid Iasachta don Earnáil Phoiblí. Déanfar laghdú EUR 105 000 000 ar acmhainní bainistíochta díreacha agus indíreacha an Chiste Eorpaigh Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID) don tréimhse 2025-2027.

Maidir le hionstraimí speisialta, tá sé beartaithe laghdú EUR 584 264 090 a dhéanamh ar na hacmhainní a leithdháiltear go sealadach ar Chúlchiste Coigeartaithe Brexit.

Sloinntear na laghduithe thuas i bpraghsanna reatha agus socraítear leis teorainn ar mhéideanna na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas atá le cur san áireamh sna buiséid bhliantúla do na blianta 2025, 2026 agus 2027.

## 4. EILIMINTÍ EILE

**Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Is é is aidhm do na leasuithe atá beartaithe éifeachtaí a thabhairt don athbhreithniú meántéarma ar CAI, agus ní hé is aidhm dóibh aon mhodhnú a dhéanamh i leith oibleagáidí faireacháin agus tuairiscithe an Rialacháin a bhfuil sé beartaithe iad a leasú.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Tá an togra teoranta do leasuithe spriocdhírithe a thabhairt isteach ar Rialacháin atá ann cheana. Is é is aidhm dó éifeacht a thabhairt don athbhreithniú meántéarma ar CAI, de bhreis ar Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093.

Moltar na hathruithe seo a leanas:

[10] Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L 433I, 22.12.2020, lch. 11)

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2021/522 chun an leithdháileadh breise ar an imchlúdach airgeadais don chlár EU4Health a choigeartú trí laghdú EUR 1 000 000 000 i bpraghsanna reatha, agus go háirithe:

– I mír 2 d'Airteagal 5, déantar an coigeartú clárshonrach dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán CAI, arna shloinneadh i bpraghsanna 2018, a laghdú ó EUR 2 900 000 000 go dtí EUR 2 055 000 000.

Leasú ar Rialachán (AE) 2021/1057 chun laghdú EUR 65 000 000 i bpraghsanna reatha (EUR 55 473 996 i bpraghsanna 2018) a dhéanamh ar imchlúdach airgeadais chláir um chomhar trasnáisiúnta Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), agus go háirithe:

– In Airteagal 5, mír 2, déantar laghdú EUR 55 473 996 i bpraghsanna 2018 ar an leithdháileadh tosaigh EUR 175 000 000 i bpraghsanna 2018 don chuid de Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) a bhaineann le Comhar Trasnáisiúnta.

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2021/1060 chun laghdú EUR 75 000 000 i bpraghsanna reatha (EUR 64 020 145 i bpraghsanna 2018) a dhéanamh ar imchlúdaigh airgeadais Infheistíochtaí Nuálaíochta Idir-réigiúin (I3), laghdú EUR 55 000 000 i bpraghsanna reatha (EUR 46 929 686 i bpraghsanna 2018) a dhéanamh ar an Tionscnamh Uirbeach Eorpach, laghdú EUR 65 000 000 i bpraghsanna reatha (EUR 55 473 996 i bpraghsanna 2018) a dhéanamh ar Chláir um Chomhar Trasnáisiúnta CSE+ agus chun an ráta cúnaimh theicniúil comhfhreagrach a choigeartú. Go sonrach:

– In Airteagal 109, leasaítear mír 3 chun an leithdháileadh le haghaidh cúnamh teicniúil ar thionscnamh ón gCoimisiún a shocrú mar leithdháileadh suas le 0,35 % de na hacmhainní le haghaidh comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach chun go bhféadfar ciorruithe a dhéanamh ar chúnamh teicniúil ar thionscnamh ón gCoimisiún.

– In Airteagal 110(1), leasaítear pointe (f) chun laghdú EUR 75 000 000 i bpraghsanna reatha a dhéanamh ar an leithdháileadh le haghaidh infheistíochtaí nuálaíochta idir-réigiúnacha, leasaítear mír 4 chun laghdú EUR 55 000 000 i bpraghsanna reatha a dhéanamh ar an leithdháileadh don Tionscnamh Uirbeach Eorpach, agus leasaítear mír 5 chun laghdú EUR 65 000 000 i bpraghsanna reatha a dhéanamh ar an leithdháileadh don Chomhar Trasnáisiúnta faoi CSE+.

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2021/1139 chun laghdú EUR 105 000 000 i bpraghsanna reatha a dhéanamh ar imchlúdach airgeadais CEMID faoi bhainistíocht dhíreach agus indíreach, go háirithe:

– In Airteagal 7, leasaítear mír 1 chun an t-imchlúdach airgeadais le haghaidh bainistíocht dhíreach agus indíreach faoi CEMID a shocrú ag EUR 692 000 000 i bpraghsanna reatha.

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2021/1229 chun laghdú EUR 150 000 000 i bpraghsanna reatha a dhéanamh ar na hacmhainní ó bhuiséad an Aontais don tSaoráid Iasachta don Earnáil Phoiblí agus chun na hacmhainní atá ar fáil le haghaidh na bliana 2025-2027 a shocrú go nialas, go háirithe:

– In Airteagal 5, leasaítear fomhír (a) de mhír 1 ionas go laghdófar na hacmhainní ó bhuiséad an Aontais ó EUR 250 000 000 go EUR 100 000 000 i bpraghsanna reatha.

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2021/1755 chun laghdú EUR 584 264 090 a dhéanamh ar an leithdháileadh sealadach a bheidh fágtha agus ar fáil in 2025 i bpraghsanna reatha agus go háirithe:

– In Airteagal 4, leasaítear mír 2 chun laghdú EUR 584 264 090 a dhéanamh ar na hacmhainní uasta. Leasaítear pointe (b) den chéad fhomhír de mhír 3 chun an laghdú sin a léiriú.

2024/0060 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear**

**Rialacháin (AE) 2021/522,**
**(AE) 2021/1057,**
**(AE) 2021/1060,**
**(AE) 2021/1139,**
**(AE) 2021/1229,**
**agus**
**(AE) 2021/1755 a mhéid a bhaineann leis na hathruithe ar mhéideanna na gcistí le haghaidh cláir agus cistí áirithe**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2), Airteagal 164, Airteagal 168(1), Airteagal 175 agus Airteagal 177(1), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ó glacadh Rialacháin (AE) 2021/522[3], (AE) 2021/1057[4], (AE) 2021/1060[5], (AE) 2021/1139[6], (AE) 2021/1229[7] agus (AE) 2021/1755[8] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón

---

1 IO C , , lch. .

2 IO C , , lch. .

3 Rialachán (AE) Uimh. 2021/522 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear Clár do ghníomhaíochtaí an Aontais i réimse na sláinte (‘Clár EU4Health’) don tréimhse 2021-2027, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 282/2014 (IO L 107, 26.3.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/522/oj).

4 Rialachán (AE) Uimh. 2021/1057 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013 (IO L 231, 30.6.2021, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1057/oj ).

5 Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste Tearmainn, Imirce, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais do Bhainistiú Teorainneacha agus Beartas Víosaí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1060/oj).

gComhairle, tharla imeachtaí geopholaitiúla nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo mar gheall ar chogadh foghach neamhdhleathach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, an ghéarchéim fuinnimh a lean as sin agus an t-ardú tobann gaolmhar ar bhoilsciú agus ar rátaí úis. Tá éigeandálaí nua ann de bharr na bhforbairtí geopholaitiúla agus eacnamaíocha sin ar cheart aghaidh a thabhairt orthu chun tosaíochtaí agus riachtanais chomhroinnte an Aontais a bhaint amach. Agus na solúbthachtaí buiséadacha teoranta agus na teorainneacha a baineadh amach trí dheiseanna ath-imlonnaithe á gcur san áireamh, ba ghá an Creat Airgeadais Ilbhliantúil ('CAI') a atreisiú don tréimhse 2024-2027 chun foráil a dhéanamh don chistiú is riachtanaí chun freagairt do dhúshláin phráinneacha choiteanna.

(2) Tar éis an togra ón gCoimisiún le haghaidh athbhreithniú spriocdhírithe ar CAI 2021-2027[9], leasaíodh Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093[10] ón gComhairle le Rialachán 224/765 ón gComhairle an 29 Feabhra 2024[11].

(3) Chun éifeacht a thabhairt don athbhreithniú ar CAI, ba cheart rialacháin earnáilsonracha áirithe a leasú, i dteannta Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093.

(4) Ba cheart laghdú a dhéanamh ar an leithdháileadh breise ar an gclár EU4Health faoi Rialachán (AE) 2021/522 a eascraíonn as an gcoigeartú clárshonrach dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093.

(5) Ba cheart an leithdháileadh tosaigh don chuid de Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) maidir le Comhar Trasnáisiúnta dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2021/1057 a laghdú.

(6) Ba cheart an leithdháileadh don Tionscnamh Uirbeach Eorpach, d'Infheistíochtaí Nuálaíochta Idir-réigiúnacha agus don chuid de CSE+ maidir le Comhar Trasnáisiúnta dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2021/1060 a laghdú agus ba cheart an uasteorainn do chúnamh teicniúil a choigeartú dá réir.

(7) Ba cheart an t-imchlúdach airgeadais le haghaidh bainistíocht dhíreach agus indíreach faoi Rialachán (AE) 2021/1139 a laghdú.

(8) Ba cheart méid iomlán chomhpháirt deontais na Saoráide Iasachta don Earnáil Phoiblí atá le maoiniú ó bhuiséad an Aontais do thréimhse CAI 2021-2027 i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 a laghdú.

(9) Ba cheart acmhainní uasta Chúlchiste Coigeartaithe Brexit dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2021/1755 a laghdú.

---

6 Rialachán (AE) Uimh. 2021/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1004 (IO L 247, 13.7.2021, lch. 1, , ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1139/oj).

7 Rialachán (AE) Uimh. 2021/1229 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Iúil 2021 maidir leis an tsaoráid iasachta don earnáil phoiblí faoin Sásra um Aistriú Cóir (IO L 274, 30.7.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1229/oj).

8 Rialachán (AE) Uimh. 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit (IO L 357, 8.10.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1755/oj).

9 COM(2023)337, 20.6.2023

10 Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L 433I, 22.12.2020, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/2093/oj).

11 Rialachán (AE, Euratom) 2024/765 ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L 2024/765, 29.2.2024, ELI:http://data.europa.eu/eli/reg/2024/765/oj).

(10) Ba cheart na himchlúdaigh airgeadais fhoriomlána a leagtar amach i Rialacháin (AE) 2021/1057, (AE) 2021/1060 agus (AE) 2021/1139 a léamh i bhfianaise na laghduithe a dhéantar leis an Rialachán seo ar chodanna de na cláir sin.

(11) Dá bhrí sin, ba cheart Rialacháin (AE) Uimh. 2021/522, (AE) 2021/1057, (AE) 2021/1060, (AE) 2021/1139, (AE) 2021/1229 agus (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a leasú dá réir sin.

(12) I bhfianaise an ghá phráinnigh an cistiú iomchuí a chur ar fáil don Aontas, meastar gurb iomchuí an eisceacht ar an tréimhse 8 seachtaine dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Phrótacal Uimh. 1 a agairt maidir le ról na bParlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach, leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach.

(13) I bhfianaise na práinne atá leis an maoiniú iomchuí a sholáthar don Aontas, ba cheart an Rialachán seo teacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

In Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 2021/522, cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 2:

*'2. Mar thoradh ar an gcoigeartú Clárshonrach dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle, déanfar an méid dá dtagraítear i mír 1 a mhéadú trí leithdháileadh breise EUR 2 055 000 000 i bpraghsanna 2018 mar a shonraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin.'*

* Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L 433I, 22.12.2020, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/2093/oj).'.

*Airteagal 2*

In Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 2021/1057, cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 2:

*'2. EUR 87 319 331 844 i bpraghsanna 2018 a bheidh sa chuid sin den imchlúdach airgeadais do chur chun feidhme shraith CSE+ atá faoi bhainistíocht chomhroinnte chun rannchuidiú leis an sprioc arb í infheistíocht le haghaidh post agus fáis i mBallstáit agus i réigiúin dá tagraítear in Airteagal 5(2), pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/1060, agus de sin leithdháilfear EUR 119 526 004 i bpraghsanna 2018 do chomhar trasnáisiúnta chun dlús a chur le haistriú réiteach nuálach agus uas-scálú na réiteach nuálach sin a éascú, dá dtagraítear in Airteagal 25, pointe (i), den Rialachán seo, agus leithdháilfear EUR 472 980 447, i bpraghsanna 2018, ina chistiú breise do na réigiúin is forimeallaí arna sainaithint in Airteagal 349 CFAE agus do na réigiúin NUTS leibhéal 2 a chomhlíonann na critéir atá leagtar síos in Airteagal 2 de Phrótacal Uimh. 6 maidir le forálacha speisialta do Chuspóir 6 faoi chuimsiú na gCistí Struchtúracha san Fhionlainn, san Iorua agus sa tSualainn a ghabhann leis an nGníomh Aontachais 1994'.*

*Airteagal 3*

Leasaítear Rialachán (AE) 2021/1060 mar a leanas:

(1) In Airteagal 109, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

*'3. Déanfar 0,35 % de na hacmhainní foriomlána dá dtagraítear sa chéad agus sa dara fomhír de mhír 1 den Airteagal seo, tar éis an tacaíocht leis an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa dá dtagraítear in Airteagal 110(3) a asbhaint, a leithdháileadh ar chúnamh teicniúil ar thionscnamh ón gCoimisiún.';*

(2) Leasaítear Airteagal 110 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f):

'(f) *0,1 % (i.e. EUR 435 979 855 ar an iomlán i bpraghsanna 2018) le haghaidh infheistíochtaí nuálaíochta idir-réigiúnacha';*

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4 agus mhír 5:

*'4. Déanfar EUR 353 070 314, i bpraghsanna 2018, de na hacmhainní do sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post a leithdháileadh ar an Tionscnamh Uirbeach Eorpach faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach ag an gCoimisiún.*

*5. Déanfar EUR 119 526 004 i bpraghsanna 2018 d'acmhainní CSE+ do sprioc na hInfheistíochta le haghaidh post agus fáis a leithdháileadh le haghaidh comhar trasnáisiúnta a thacaíonn le réitigh nuálacha faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach.'*

*Airteagal 4*

Leasaítear Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2021/1139 mar seo a leanas, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

*'1. EUR 692 000 000 i bpraghsanna reatha a bheidh sa chuid den imchlúdach airgeadais atá faoi bhainistíocht dhíreach agus indíreach, mar a shonraítear i dTeideal III.'.*

*Airteagal 5*

In Airteagal 5(1) de Rialachán (AE) 2021/1229, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

*'(a) acmhainní ó bhuiséad an Aontais, méid arb ionann é agus EUR 100 000 000 i bpraghsanna reatha, agus'*

*Airteagal 6*

Leasaítear Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2021/1755 mar seo a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. *Is é EUR 4 886 170 910 i bpraghsanna reatha a bheidh sna hacmhainní uasta don Chúlchiste.’;*

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3, pointe (b):

*‘(b) cuirfear aon mhéid atá fós leithdháilte go sealadach ar fáil in 2025 i gcomhréir le hAirteagal 12.’.*

*Airteagal 7*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

**RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH**

# Ábhar


1. COMHTHÉACS AN TOGRA ........................................................................ 1

Ina theannta sin, tá leasú comhthreomhar ann lena méadaítear imchlúdach airgeadais na hIonstraime um Bainistiú Teorainneacha agus um Víosaí (BMVI), nach n-áirítear sa togra seo mar gheall ar na rialacha vótála éagsúla. ........................................................ 2

Tá géarghá le cistiú iomchuí a sholáthar don Aontas agus deimhneacht dhlíthiúil a chur ar fáil d'ullmhúcháin dhréachtbhuiséad an Aontais don bhliain airgeadais 2025, agus don chlársceidealú airgeadais do na blianta 2026 agus 2027. Dá bhrí sin, iarrann an Coimisiún ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle a áirithiú go nglacfar go pras é trí úsáid a bhaint as nós imeachta maidir le glacadh práinneach. ...................... 2

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT ................................. 2

• Bunús dlí ........................................................................................................ 2

• Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach) ............................................ 2

• Comhréireacht ................................................................................................ 2

• An rogha ionstraime ....................................................................................... 2

3. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA .................................................................. 3

4. EILIMINTÍ EILE ............................................................................................. 3

Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe...... 3

Is é is aidhm do na leasuithe atá beartaithe éifeachtaí a thabhairt don athbhreithniú meántéarma ar CAI, agus ní hé is aidhm dóibh aon mhodhnú a dhéanamh i leith oibleagáidí faireacháin agus tuairiscithe an Rialacháin a bhfuil sé beartaithe iad a leasú ........................................................................................................................ 3

• Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra ............................ 3

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH .......................................... 3

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh ......................................................................... 3

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann ..................................................................... 3

1.3. Baineann an togra/tionscnamh le: ................................................................... 3

1.4. Cuspóirí .......................................................................................................... 3

1.4.1. Cuspóirí ginearálta ....................................................................................... 3

1.4.2. Cuspóirí sonracha ......................................................................................... 5

1.4.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo ................................................. 5

1.4.4. Táscairí feidhmíochta ................................................................................... 5

1.5. Foras an togra/tionscnaimh ............................................................................ 6

1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh ........ 6
1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin. ........ 6
1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart ........ 6
1.5.4. Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile ........ 6
1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh ........ 6
1.6. Fad agus tionchar airgeadais an togra/tionscnaimh ........ 7
1.7. Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme ........ 7
2. BEARTA BAINISTÍOCHTA ........ 8
2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe ........ 8
2.2. Córais bainistíochta agus rialaithe ........ 8
2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an chistithe, leis na módúlachtaí íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe 8
2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú ........ 8
2.2.3. Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú'), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh) ........ 8
2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc ........ 8
3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH ........ 9
3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar ........ 9
3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe ........ 11
3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí ........ 11
3.2.2. An t-aschur a mheastar a chisteofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí ....... 14
3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin ........ 15
3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha ........ 17
3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thriú páirtithe ........ 17
3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam ........ 18

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

| |
|---|
| Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/522, (AE) 2021/1057, (AE) 2021/1060, (AE) 2021/1139, (AE) 2021/1229, agus (AE) 2021/1755 a mhéid a bhaineann leis na hathruithe ar mhéideanna cistí le haghaidh cláir agus cistí áirithe |

### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

| |
|---|
| 05 Forbairt Réigiúnach agus Comhtháthú |
| 06 Téarnamh agus Athléimneacht |
| 07 Infheistíocht i nDaoine, Comhtháthú Sóisialta agus Luachanna |
| 08 An Talmhaíocht agus Beartas Muirí |
| 16 Caiteachas lasmuigh d'uasteorainneacha bliantúla a leagtar amach sa Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (Airteagal 16 02 03 Cúlchiste Coigeartaithe Brexit) |
| 30 Cúlchistí (Airteagal 30 04 03 Cúlchiste Coigeartaithe Brexit) |

### 1.3. Baineann an togra/tionscnamh le:

**☐ beart nua**

**☐ beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart**[22]

**☐ síneadh ar bheart atá ann cheana**

**☐ beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua**

### 1.4. Cuspóirí

*1.4.1. Cuspóirí ginearálta*

An 29 Feabhra 2024, ghlac an Chomhairle leasú ar Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 tar éis athbhreithniú/athbhreithniú meántéarma Chreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027.

Áirítear san athbhreithniú ar CAI méaduithe ar acmhainní do roinnt clár de chuid an Aontais. Chun tionchar an athbhreithnithe ar CAI ar bhuiséid náisiúnta a mhaolú, cúiteofar na méaduithe sin go páirteach trí ath-imlonnuithe agus trí aththosaíochtaí laistigh de bhuiséad an Aontais. EUR 21 bhilliún atá sa ghlanmhéadú ar chistiú do thosaíochtaí nua go dtí deireadh an Creat Airgeadais Ilbhliantúil seo.

Chuige sin, is gá na huasteorainneacha caiteachais a mhodhnú, mar aon le leasuithe, i gcásanna áirithe, ar fhorálacha buiséadacha na ngníomhartha reachtacha lena mbunaítear na cláir agus na hionstraimí lena mbaineann, i gcomhréir le forálacha phointe 18 de Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 a mhéid a bhaineann le forálacha airgeadais a ionchorprú i ngníomhartha reachtacha.

